Comhairle Contae
Fhine Gall

# Plean Bliantúil Soláthair Seirbhíse 2021

fingal.ie



# Ár Misean

**A bheith inár gComhairle bhríomhar oscailte atá dea-eagraithe agus a léiríonn ceannaireacht agus a ghlacann le héagsúlacht agus deiseanna**




Réamhrá 04
Tosaíochtaí Eagraíochta 04
Struchtúr Eagraíochta 05
Acmhainní Eagraíochta 06
Cur i bhFeidhm & Monatóireacht 07

Rannóga Seirbhíse
- Pobal 09
- Forbairt Eacnamaíochta, Fiontair, Turasóireachta & Cultúrtha 12
- Comhshaol, Gníomh ar son na hAeráide & Taisteal Gníomhach 16
- Tithíocht 18
- Leabharlanna 21
- Seirbhísí Oibríochta 23
- Pleanáil & Bonneagar Straitéiseach 26
- Seirbhísí Uisce 29

Seirbhísí Tacaíochta
- Ailtirí 32
- Gnóthaí Corparáideacha & Rialachas 34
- Airgeadas 36
- Acmhainní Daonna 37
- Teicneolaíocht Faisnéise 38
- Dlí 40

Údarás Inniúil
- Údarás Inniúil um Thorann Aerárthaí 42

## Réamhrá


Is i gcomhthéacs na físe uileghabhálaí atá sa Phlean Corparáideach 2019 - 2024 a dhéantar Plean Bliantúil Soláthair Seirbhíse Chomhairle Contae Fhine Gall 2021 a chur le chéile agus a ghlacadh ag Comhaltaí na Comhairle Contae.

Leagtar amach sa Phlean Seirbhíse na príomhsheirbhísí a bheartaíonn an tÚdarás Áitiúil a chur ar fáil don phobal sa tréimhse suas go dtí deireadh na bliana 2021. In éineacht leis na príomhsheirbhísí sin, leagtar amach sa Phlean an maoiniú do sheirbhísí, na cuspóirí seirbhíse, agus na tomhais feidhmíochta do na seirbhísí sin. Ar an mbealach sin, is féidir le muintir Fhine Gall féachaint ar an bPlean le haghaidh eolas a fháil maidir leis na seirbhísí agus caighdeáin feidhmíochta a bhféadfaidís a bheith ag súil leis óna nÚdarás Áitiúil

## Tosaíochta Eagraíochta

Leagtar amach sa Phlean Corparáideach an Misean, na Tosaíochtaí Straitéiseacha agus Cuspóirí Straitéiseacha atá ag Comhairle Contae Fhine Gall le linn na tréimhse oifige cúig bliana den Chomhairle. Leagtar amach sa Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse na príomhchuspóirí agus príomhthosaíochtaí seirbhíse do gach bliain ar leith. Téann na cuspóirí seirbhíse sin isteach i bPleananna Oibríochta Foirne ansin, agus ina dhiaidh sin, téann siad isteach sna Cuspóirí agus Gníomhartha atá ag ball foirne aonair trí Phróiseas an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF).

Leagtar amach sa léaráid thíos Ordlathas na bPleananna agus Cuspóirí sa struchtúr pleanála gnó:






Cuireann na Tosaíochtaí agus Cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach an chreatlach ina gcuirfidh Feidhmeannas na Comhairle seirbhísí ar fáil. Leagtar amach sa Phlean Soláthair Seirbhíse maidir le conas a dhéanfar dul chun cinn maidir leis na tosaíochtaí agus cuspóirí sin le linn 2021.

## Struchtúr Eagraíochta

Tá eagrú na seirbhísí a chuireann Comhairle Contae Fhine Gall ar fáil bunaithe ar roinnt de na Príomh-Rannóga feidhme. Cuirtear na príomhsheirbhísí ar fáil trí na Rannóga soláthair seirbhíse seo a leanas:

- Forbairt Eacnamaíochta, Fiontair, Turasóireachta agus Cultúrtha
- Comhshaol, Gníomhú ar son na hAeráide agus Taisteal Gníomhach
- Tithíocht agus Pobal
- Leabharlanna
- Oibríochtaí agus Seirbhísí Uisce
- Pleanáil agus Bonneagar Straitéiseach

Tugann rannóga cumasúcháin san eagraíocht tacaíocht do na Rannóga seo. Cé nach bhfuil sé de chúram ar na rannóga sin seirbhísí a sholáthar go díreach, cuireann siad tacaíochtaí riachtanacha ar fáil thar gach Rannóg d'fhonn éascaíocht a dhéanamh ar sholáthar seirbhíse agus cláir oibre.

Is iad na Rannóga Tacaíochta:

- Ailtirí
- Gnóthaí Corparáideacha agus Rialachas
- Acmhainní Daonna
- Teicneolaíocht Faisnéise
- Airgeadas
- Dlí

Ainmníodh Comhairle Contae Fhine Gall mar an tÚdarás Inniúil chun críocha torann aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a rialú.

## Acmhainní Eagraíochta

Cuireadh an Buiséad don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 faoi bhráid na gComhaltaí, agus d'fhaomh na Comhaltaí é, ar an 24 Nollaig 2020 agus déanann sé foráil do chaiteachas iomlán de €286.3 milliún.

| Rannóg | Cur Síos ar Sheirbhís | Caiteachas € | % den Bhuiséad | % den Bhuiséad Caiteachas in aghaidh duine den daonra € |
|---|---|---|---|---|
| A | Tithíocht agus Foirgníocht | 80,220,400 | 28.01 | 270.82 |
| B | Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóthar | 30,284,300 | 10.58 | 102.24 |
| C | Soláthar Uisce agus Séarachas | 18,923,700 | 6.61 | 63.89 |
| D | Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha | 22,212,200 | 7.76 | 74.99 |
| E | Cosaint an Chomhshaoil | 47,532,400 | 16.60 | 160.47 |
| F | Áineas agus Taitneamhacht | 47,990,400 | 16.76 | 162.01 |
| G | Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas | 1,340,600 | 0.47 | 4.53 |
| H | Seirbhísí Ilghnéitheacha | 37,870,600 | 13.22 | 127.85 |
| Iomlán | | 286,374,600 | 100 | 966.78 |

Is é cuspóir foriomlán na Comhairle do bhuiséad 2021 leanúint de phríomhsheirbhísí a sholáthar fad a choinnítear súil ar na dúshláin airgeadais a thiocfaidh chun cinn de bharr phaindéim Covid-19.

Chomh maith leis sin, déanann an buiséad foráil do chaiteachas méadaithe i roinnt réimsí agus déantar foráil bhreise chun cur ar chumas na Comhairle an éifeacht a bheadh ag leibhéal méadaithe de rátaí nach féidir iad a bhailiú amach anseo mar gheall ar iarmhairtí geilleagracha phaindéim Covid-19 a mhaolú.

Beidh leibhéal gan fasach neamhchinnteachta ann in 2021 mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus ar an gcur isteach geilleagrach atá ann dá bharr. Léiríonn an Buiséad cothromaíocht idir leanúint dár bpríomhsheirbhísí a sheachadadh fad a chruthaítear soláthar chun tacú leis na himpleachtaí airgeadais fadtéarmacha don Chomhairle a mhaolú. Leanfaidh an Chomhairle de mhonatóireacht a dhéanamh ar impleachtaí airgeadais na paindéime fad a oibrímid le linn 2021.

Mar seo a leanas acmhainní foirne a bhí ar fáil don Chomhairle i Nollaig 2020:



| Catagóir Fostaí | Iomlán |
|---|---|
| Bainisteoirí | 10 |
| Foireann Cléireachais/Riaracháin | 612 |
| Foireann Ghairmiúil/Theicniúil | 293 |
| Foireann Allamuigh | 610 |
| **Móriomlán** | **1525** |

Leanadh gníomhaíocht earcaíochta ar aghaidh le linn na bliana agus cuireadh 40 comórtas ar siúl san iomlán in 2020. Bhí an deis ag fostaithe go fóill dul ar aghaidh taobh istigh den earnáil agus den tseirbhís phoiblí i gcoitinne agus bhí leibhéil shuntasacha d'athrúchán foirne ann.

Earcaíodh 131 ball foirne nua san iomlán in 2020 as 2,629 iarratasóir poist san iomlán. Is tosaíocht go fóill é forbairt na foirne agus cuireadh clár forleathan oiliúna i gcrích le linn 2020.

## Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht

Leagtar amach sa Phlean Seirbhíse na príomhsheirbhísí a bheartaíonn an tÚdarás Áitiúil a chur ar fáil roimh dheireadh Nollaig 2021 faoi réir na sriantachtaí ar mhaoiniú agus acmhainní atá ann.

Déanfaidh an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin monatóireacht ar an bPlean agus déanfar tuairisciú maidir le dul chun cinn sna tuarascálacha míosúla bainistíochta a chuirtear faoi bhráid Chruinnithe na Comhairle.

Déanfar feidhmíocht a thomhas le Tomhais Sonraí Bonnlíne a leagtar amach sa Phlean Corparáideach.

# Rannóga Seirbhíse



## Pobal

Tá an Rannóg Pobail agus Spóirt freagrach as réimsí seirbhísí, lena n-áirítear Forbairt Pobail, Forbairt Spóirt agus an Clár Aoisbhá Fhine Gall. Cuireann an Oifig Forbartha Pobail tacaíocht ar fáil do 32 áis phobail.

### Príomhsheirbhísí & Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos an fhoráil bhuiséid ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall léi i mBuiséad 2021 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:

| Príomhsheirbhís / Seirbhís Bhuiséid | Cuir Síos ar Sheirbhís | Iomlán |
|---|---|---|
| D06 | An Fheidhm Phobail agus Fiontraíochta | 451,800 |
| F04 | Forbairt Pobail, Spóirt agus Áineasa | 5,858,600 |
| Iomlán | | 6,310,400 |

### Cuspóirí maidir le Príomhsheirbhísí

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2021:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| Forbairt Pobail | ❍ Líon na dTacaíochtaí Forbartha Pobail<br>❍ Líon na Leithdháiltí Maoinithe Pobail<br>❍ Líon na dTionscadal Straitéiseach<br>❍ Líon na nÁiseanna Pobail a dtacaítear leo<br>❍ Líon na dTacaíochtaí Idirghníomhaireachta |

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| Tacaíocht forbartha agus bainistíochta a chur ar fáil do choistí áiseanna deonacha de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall | ❍ Líon na nÁiseanna Pobail a dtacaítear leo<br>❍ Líon na gcruinnithe a bhfreastalaítear orthu |
| Leanúint de bhainistíocht a dhéanamh ar chothabháil agus athchóiriú na seanáiseanna | ❍ Líon na gcruinnithe tras-rannacha<br>❍ Líon leithdháiltí maoinithe leasúcháin d'áiseanna nach leis an gcomhairle iad |
| Tacaíochtaí don chlár gníomhaíochtaí Pobail agus Deonacha | ❍ Líon na Scéimeanna arna maoiniú ag Tionscadal Samhraidh a bhronntar<br>❍ Líon na gclár maoinithe gníomhaíochta a bhronntar<br>❍ Líon na gclár oiliúna pobail a chuirtear ar fáil |
| Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Fhine Gall | ❍ Líon na mballghrúpaí sa LRP<br>❍ Líon na gcomhairliúchán Comhairle a eisítear don LRP<br>❍ Líon na gcomhairliúchán Comhairle a dhéantar tríd an LRP mar phríomhardán<br>❍ Líon na mBord/gCoistí ÚÁ ina ndéantar éascaíocht ar ionadaíocht an phobail tríd an LRP<br>❍ Líon na laethanta oiliúna d'fhoireann na Comhairle agus do Chomhaltaí Comhairle maidir le rannpháirtíocht an phobail agus an LRP<br>❍ Céatadán na scoileanna áitiúla i gComhairle na nÓg |
| Beartas Imeasctha Imirceach agus Ionchuimsithe Shóisialta Fhine Gall | ❍ Líon na gcruinnithe a reáchtáiltear<br>❍ Líon na gColún a bhunaítear<br>❍ Líon na ngníomhartha a chuirtear i gcrích |
| Comhairle na nÓg Fhine Gall | ❍ Céatadán na scoileanna áitiúla a ghlacann páirt i gcomhairle na n-óg<br>❍ Cruinniú Ginearálta Bliantúil a chur ar siúl<br>❍ Líon na gcruinnithe a reáchtáiltear<br>❍ Líon na gcomhairliúchán |



| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| Leanúint ar aghaidh ag tacú le hobair an Chomhaontais Aoisbhá Fhine Gall, leanúint ar aghaidh ag tacú le hobair Aoisbhá Éireann | ❍ Céatadán na moltaí sa Straitéis Cúig Bliana 2018 – 2023 a chuirtear i bhfeidhm<br>❍ Plean Bliantúil Gníomhaíochta 2021 a fhorbairt<br>❍ Líon chruinnithe Chomhairle na nDaoine Scothaosta a dtacaítear leo<br>❍ Líon chruinnithe an Chomhaontais a dtacaítear leo<br>❍ Líon na seisiún oiliúna a dtugtar fúthu<br>❍ Líon na gcruinnithe réigiúnacha a bhfreastalaítear orthu |
| Físráiteas Spóirt Fhine Gall 2019-2021 a chur i bhfeidhm | ❍ Líon na gclár sonrach a leagann béim ar spriocghrúpaí (spórt scoile/óige; mná i spórt; clár do dhaoine scothaosta agus spórt do dhaoine faoi mhíchumas) |

## Forbairt Eacnamaíochta, Fiontair, Turasóireachta & Cultúrtha

Cuireann an Rannóg Forbartha Eacnamaíochta, Fiontair, Turasóireachta agus Cultúir (FEFTC) fostaíocht áitiúil, feabhsúchán ar tháirgiúlacht agus fás á threorú ag easpórtáil chun cinn. Déantar é sin trí obair a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le gnólachtaí áitiúla, comhlachais tráchtála, gníomhaireachtaí stáit i leith fiontair agus turasóireachta, grúpaí pobail agus institiúidí ardoideachais.

Forbraíonn an Rannóg tionscnaimh bheartais agus cuireann sí i bhfeidhm iad i bpríomhréimsí cosúil le cur chun cinn agus éascaíocht infheistíochta, téarnamh agus athnuachan geilleagair áitiúil, gnó inbhuanaithe, forbairt táirgí agus margaíocht le haghaidh turasóireachta, agus tacaíocht fiontair áitiúil. Chomh maith leis sin, tá an Rannóg freagrach as an tSeirbhís Leabharlainne agus an Oifig Ealaíon a thacaíonn leis an dá ionad ealaíon sa Chontae, Draíocht agus Ionad Shéamuis Ennis, agus as an gclár Éire Ildánach.

Ghlac na Comhaltaí Tofa le Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Fhine Gall i Nollaig 2015 agus leagtar amach ann an chreatlach uileghabhálach d'obair na Rannóige. Is príomhdhoiciméad beartais eile é an Ráiteas Straitéise Turasóireachta 2017-2022. Tá na straitéisí sin ag teacht go maith leis an bPlean Forbartha Fiontair Áitiúil 2017-2020, plean a chuireann an Oifig Fiontair Áitiúil i gcrích le maoiniú ó Fhiontraíocht Éireann faoi Chomhaontú Seirbhíse le Comhairle Contae Fhine Gall (arna chomhchistiú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa). Tacaíonn an Rannóg le clár oibre leanúnach an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) agus an Coiste Beartais Straitéisigh FEFTC, rud a chuireann le forbairt na dtionscnamh beartais agus a dhéanann measúnú ar thionchar agus cur i bhfeidhm na dtionscnamh.

Ó thaobh infheistíocht a mhealladh agus a éascú de, tá ról gníomhach ag an Rannóg i monatóireacht agus freagairt a dhéanamh ar an éileamh ar thalamh cuí infheistíochta laistigh d'Fhine Gall. Anuas air sin, déanann an Rannóg maoirseacht ar oibriú na dtrí ionad fiontair chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag teacht chun cinn.

Chomh maith leis na feidhmeanna sin, tacaíonn an Rannóg le hobair níos leithne na Comhairle trína Rannán Seirbhísí Réadmhaoine.



### Príomhsheirbhísí & Acmhainní Airgeadais

Leagtar amach sa tábla thíos an fhoráil bhuiséid ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall léi i mBuiséad 2021 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:

| Príomhsheirbhís / Seirbhís Bhuiséid | Cuir Síos ar Sheirbhís | Iomlán |
|---|---|---|
| D04 | Saoráidí Tionsclaíochta agus Tráchtála | 288,100 |
| D05 | An Turasóireacht a Fhorbairt agus a Chur Chun Cinn | 442,800 |
| D06 | An Fheidhm Phobail agus Fiontraíochta | 428,200 |
| D09 | Forbairt agus Cur Chun Cinn an Gheilleagair | 3,094,300 |
| D10 | Bainistiú Réadmhaoine | 785,700 |
| D11 | Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhnaithe | 8,000 |
| F01 | Oibríochtaí Saoráidí Fóillíochta | 318,000 |
| FO5 | Oibriú an Chláir Ealaíon | 4,215,000 |
| J02 | Seirbhísí Corparáideacha Ginearálta | 1,312,900 |
| J101 | Bainistiú Réadmhaoine | 407,500 |
| Iomlán | | 11,300,500 |

### Cuspóirí maidir le Príomhsheirbhísí

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2021:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| Geilleagar láidir áitiúil a chothú agus gnólachtaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn | ❍ Tacú leis an téarnamh geilleagrach agus le hathléimneacht sa Chontae<br>❍ Tacú le forbairt gheilleagrach inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de sa Chontae<br>❍ Cuspóirí Straitéis Scileanna Fhine Gall a Chur i bhFeidhm |

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| Réimse tacaíochtaí a chur i dtreo gnólachtaí áitiúla i bhFine Gall. Fiontraíocht a chur chun cinn, gnólachtaí nuathionscanta a chothú agus micreaghnóthaí agus gnólachtaí beaga atá ann a fhorbairt.<br><br>Spreagadh a thabhairt do chruthú poist agus tacaíochtaí ar ardchaighdeán ar féidir rochtain a fháil orthu a chur ar fáil le haghaidh smaointe nua gnó | ❍ Tionchar Eacnamaíoch - Líon na bpost a chruthaítear<br><br>❍ Gníomhaíocht Airgeadais – Líon na ndeontas a cheadaítear<br><br>❍ Oiliúint – Líon na rannpháirtí ar Chúrsaí Tosaigh do Ghnó Féin |
| Cláir forbartha pobail agus eacnamaíochta áitiúla a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú, lena n-áirítear SICAP agus LEADER | Cláir a sholáthraítear go héifeachtúil |
| Ceannaireacht chomhoibríoch i measc páirtithe leasmhara i bhforbairt pobail agus eacnamaíochta a chothú | Tacú leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil agus Cuspóirí sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail |
| Plean Athnuachana Ár mBaile Brigín 2019 – 2025 a Chur i bhFeidhm | Cuspóirí an Phlean Athnuachana a Chur Chun Cinn agus a Chur i bhFeidhm |
| Tairiscint agus margaíocht turasóireachta sa Chontae a neartú | ❍ Líon na gcuairteoirí ar an gContae (Fáilte Éireann)<br>❍ Ioncam ó Thurasóireacht (Fáilte Éireann)<br>❍ Feachtas margaíochta/Meán Sóisialta a Sholáthar<br>❍ Na gníomhartha don bhliain 2021 i bPlean Chósta Bhaile Átha Cliath a chur i gcrích<br>❍ Tionscnaimh arna maoiniú ag Fáilte Éireann a chur i gcrích<br>❍ Tús a Chur le Straitéis Fáis Turasóireachta Fhine Gall 2022-2027 |
| Éascaíocht a dhéanamh ar cheann scríbe turasóireachta bia & dí i bhFine Gall | ❍ Plean Gníomhaíochta Fhine Gall maidir le Turasóireacht Bia a chur i gcrích agus gníomhartha don bhliain 2021 a sheachadadh<br>❍ Forbairt a dhéanamh ar an bhfeachtas margaíochta agus bolscaireachta don bhranda Dublin Coast & Fields<br>❍ Eispéiris ar féidir iad a dhíol a chruthú trí pháirt a ghlacadh i gClár Eispéireas Indíolta Fháilte Éireann |



| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| Tionscnaimh turasóireachta faoi stiúir oidhreachta a chur chun cinn in Ionaid Réadmhaoine Oidhreachta Fhine Gall | ❍ Líon na gcuairteoirí ar Ionaid Réadmhaoine Oidhreachta<br>❍ Leanúint d'Infheistíocht Chaipitil a dhéanamh in 2021 i gcomhréir leis an gClár Caipitil<br>❍ Líon na n-imeachtaí turasóireachta faoi stiúir oidhreachta thar na hionaid réadmhaoine uile lenár nOibreoirí |
| Barr feabhais a chur ar eispéiris do chuairteoirí ag gach taitneamhacht agus imeacht do chuairteoirí i bhFine Gall, agus na heispéiris sin a leathnú | ❍ Leanúint d'Infheistíocht Chaipitil a dhéanamh in 2021 i gcomhréir leis an gClár Caipitil<br>❍ Líon na n-imeachtaí á reáchtáil ar líne agus ar an láthair thar na hionaid réadmhaoine ar fad<br>❍ Straitéisí trasdíolta agus suirbhéanna ar shásamh cuairteoirí<br>❍ Líon na n-imeachtaí in Ionaid Réadmhaoine Oidhreachta<br>❍ Líon na n-imeachtaí arna mhaoiniú faoi Scéim Cúnaimh Airgeadais na Comhairle<br>❍ Clár ardchaighdeáin d'imeachtaí cultúrtha, oideachais, áineasa agus spraoi do theaghlaigh a sheachadadh<br>❍ Tacú le himeachtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de sa Chontae |
| Plean Forbartha Ealaíon Fhine Gall 2019-2025 a Chur i bhFeidhm | ❍ Líon na gClár Ealaíon a chuirtear ar fáil<br>❍ Líon na nDeontas Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí<br>❍ Líon na nDeontas Ealaíon<br>❍ Fóirdheontais do na hIonaid Ealaíon Draíocht agus Seamus Ennis íoctha |
| An Creat-Chomhaontú Ocht mBliana leis an gComhairle Ealaíon a Chur i bhFeidhm | Céatadán na nGníomhartha den chreat-chomhaontú a sholáthraítear |
| Cur i bhfeidhm an Chláir Éire Ildánach i bhFine Gall a chomhordú | ❍ Cruinniú na nÓg a sholáthar.<br>❍ Clár Cuimhneachán Fhine Gall a sholáthar.<br>❍ 100% de bhunmhaoiniú Éire Ildánach a leithdháileadh |
| Ionad Sibhialta agus Cultúrtha Shoird agus tionscadal athnuachana Ár mBaile Brigín 2018-2025 | Obair a dhéanamh leis an gCoiste Stiúrtha chun na gnéithe ealaíon agus cultúrtha de Cheanncheathrú Shoird agus an tionscadal 'Ár mBaile Brigín' a chur ar aghaidh. |

## Comhshaol, Gníomhú ar son na hAeráide agus Taisteal Gníomhach

Soláthraíonn an Rannóg Comhshaoil, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Taistil Ghníomhaigh réimse leathan seirbhísí, go príomha i réimse na Cosanta agus Forfheidhmithe Comhshaoil: Uisce, Dramhaíl, Torann, Aer, Bruscar, Rialú Madraí & Capall agus Bainistíocht an Chláir um Ghníomhú ar son na hAeráide. Chomh maith leis sin, bainistíonn an Rannóg láithreáin líonta talún stairiúla agus dúnta, ionaid fág anseo (buidéil agus teicstílí), scoileanna glasa agus cláir feasachta eile.

In éineacht le húdaráis áitiúla eile sa réigiún, ullmhaíonn an Rannóg an plean bainistithe dramhaíola réigiúnach agus cuireann sí i bhfeidhm é. Is é an phríomhuirlis a úsáidtear le haghaidh cosaint an chomhshaoil a bhainistiú ná an Plean um Chritéir Íosta Molta i gcomhair Iniúchtaí ar an gComhshaol. Déantar an plean seo a dhréachtú in Eanáir agus, i ndiaidh seisiún eolais don Choiste Beartais Straitéisigh, cuirtear faoi bhráid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil é lena cheadú. Tá leibhéal suntasach gníomhaíochta forfheidhmithe beartaithe in 2021 chun aghaidh a thabhairt ar láithreáin neamhúdaraithe d'Fheithiclí a bhfuil a Ré Caite.

Tabharfaidh an Chomhairle tús áite do Thaisteal Gníomhach a chur chun cinn mar chuid dá tiomantas leanúnach do Ghníomhú ar son na hAeráide. Feidhmíonn an Rannóg rannán sábháilteachta ar bhóithre agus seirbhís maor scoile freisin.

### Príomhsheirbhísí & Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos an fhoráil bhuiséid ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall léi i mBuiséad 2021 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:

| Príomhsheirbhís / Seirbhís Bhuiséid | Cuir Síos ar Sheirbhís | Iomlán |
|---|---|---|
| E01 | Feidhmiú agus Iarchúram Líonta Talún | 4,087,000 |
| E02 | Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála & Athchúrsála | 2,850,500 |
| E05 | Bainistíocht Bruscair | 1,411,700 |
| E07 | Rialacháin, Monatóireacht agus Forfheidhmiú Dramhaíola | 1,661,100 |
| E08 | Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola | 267,900 |
| G04 | Seirbhís Tréidliachta | 764,600 |
| E03 | Oibríochtaí Áiseanna Dramhaíl go Fuinneamh | 865,100 |
| E11 | Feidhmiú na Seirbhíse Dóiteáin | 22,533,100 |
| E13 | Cáilíocht an Uisce, an Aeir agus Truailliú de dheasca Torainn | 2,541,500 |
| E15 | Athrú Aeráide & Tuile | 1,021,500 |
| B08 | Cur Chun Cinn agus Oideachas maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre | 2,003,100 |
| Iomlán | | 40,007,100 |



### Cuspóirí maidir le Príomhsheirbhísí

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2021:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| Plean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola do Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre 2015-2021 a Chur i bhFeidhm | Féach tuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil |
| Iarchúram na láithreán líonta talún stairiúil agus dúnta | Comhlíonadh Ceadúnas GCC |
| Monatóireacht a Dhéanamh ar Thruailliú Aeir agus Torainn | Féach Tuarascáil Bhliantúil na GCC maidir le Cáilíocht an Aeir agus Tuarascáil Bhliantúil Fhine Gall maidir le Pleananna um Ghníomhaíocht Torainn |
| Rialacháin Dramhaíola a Fhorfheidhmiú | Céatadán na Sprice maidir le hiniúchtaí, sa bhliain go dtí seo |
| An tseirbhís rialaithe madraí agus capall a oibriú | Líon na madraí a thugtar do theaghlach nua nó a thógann teaghlaigh ar ais |
| Seirbhís Maor Bruscair a Oibriú | Líon na bpatról a chuirtear i gcrích |
| Uiscí Dromchla, Talún agus Cósta a Chosaint | Céatadán na Sprice maidir le hiniúchtaí, sa bhliain go dtí seo |
| Clár Feasachta Comhshaoil a Chur ar Fáil | ❍ Líon na mbrat glas a bhronntar<br>❍ Líon na bhfeachtas feasachta sa bhliain go dtí seo |
| Scéimeanna Cosanta ar Thuile a chur i bhfeidhm i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí | |
| Plean Gníomhaíochtaí um Athrú Aeráide a chomhordú | Féach tuarascálacha ráithiúla agus bliantúla |
| Ionaid Fág Anseo a chur ar fáil le haghaidh buidéil ghloine | Tonnaí Gloine a Bhailítear agus a Athchúrsáiltear |

## Tithíocht

Cuireann an Rannóg Tithíochta an Plean Gníomhaíochta um Atógáil Éireann i bhfeidhm thar na cúig phríomhcholún den Phlean ach tacaíocht tithíochta sóisialta a sholáthar dóibh siúd nach féidir leo cóiríocht a chur ar fáil dóibh féin as a n-acmhainní féin. Is tosaíocht go fóill don bhliain 2021 é seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine gan dídean, seirbhísí coisc san áireamh.

Chomh maith leis sin, déanann an Rannóg bainistíocht agus cothabháil ar soláthar tithíochta na Comhairle agus ar athúsáid éifeachtach na dtithe folmha. Cuireann sí seirbhísí ar fáil do thionóntaí na Comhairle, dóibh siúd a dteastaíonn teach uathu agus do shealbhóirí tí príobháidigh trí mheán iasachtaí tithíochta agus deontais oiriúnaithe. Tugann an Rannóg faoina feidhmeanna reachtúla i dtaca le Caighdeáin Cóiríochta Príobháidí ar Cíos sa mhargadh cóiríochta príobháidí ar cíos.

Tá an Rannóg Tithíochta freagrach chomh maith as na gníomhartha a chur i bhfeidhm faoin gClár Cóiríochta do Thaistealaithe 2019 - 2024 ar ghlac an Chomhairle leis in 2019. Tá sé tiomanta chomh maith do réitigh chuí tithíochta a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas.

Cé go bhfuil an infheistíocht chaipitiúil le haghaidh tithíocht shóisialta a sholáthar curtha san áireamh le Clár Caipitil na Comhairle, tá páirt le himirt ag an mbuiséad ioncaim reatha ó thaobh tacaíocht a thabhairt do thithíocht shóisialta agus í a sholáthar faoin na colúin den Phlean.

### Príomhsheirbhísí & Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos an fhoráil bhuiséid ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall léi i mBuiséad 2021 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:

| Príomhsheirbhís / Seirbhís Bhuiséid | Cuir Síos ar Sheirbhís | Iomlán |
|---|---|---|
| A01 | Cothabháil & Feabhsúchán Aonad Tithíochta ÚÁ | 11,731,900 |
| A02 | Measúnú Tithíochta, Leithdháileadh agus Aistriú | 1,616,300 |
| A03 | Riaradh Cíosa Tithíochta agus Ceannaigh ag Tionónta | 1,797,800 |
| A04 | Tacaíocht Forbartha Pobail Tithíochta | 2,487,800 |
| A05 | Riaradh na Seirbhíse Easpa Dídine | 3,333,800 |



| Príomhsheirbhís / Seirbhís Bhuiséid | Cuir Síos ar Sheirbhís | Iomlán |
|---|---|---|
| A06 | Tacaíocht leis an gClár um Chaipiteal Tithíochta | 8,971,700 |
| A07 | Clár RAS agus Léasaithe | 38,427,200 |
| A08 | Iasachtaí Tithíochta | 5,480,200 |
| A09 | Deontais Tithíochta | 3.994,600 |
| A11 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus In-Fhorchúitithe | 1,730,800 |
| A12 | Clár HAP | 648,300 |
| Iomlán | | 80,220,400 |

### Cuspóirí maidir le Príomhsheirbhísí

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2021:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| Tithe i gComhairle Contae Fhine Gall a sholáthar i gcomhréir leis an Straitéis Tithíochta agus Atógáil Éireann: An Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine | Líon iomlán le chéile na n-áitreabh a chuirtear ar fáil agus sonraí le haghaidh gach cineál soláthair. |
| Seirbhísí do dhaoine gan dídean a sholáthar agus a bhainistiú i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le hEaspa Dídine 2019 - 2021 | ❍ Líon na ndaoine fásta a mbreathnaítear orthu mar dhaoine gan dídean go fadtéarmach mar chéatadán de líon iomlán na ndaoine fásta a úsáideann cóiríocht éigeandála, sin nó a chodlaíonn amuigh I dtréimhse áirithe<br>❍ Líon na ndaoine fásta aonair, na dteaghlach agus a gcleithiúnach a úsáideann cóiríochta éigeandála i dtréimhse áirithe<br>❍ Líon na ndaoine astu siúd a bhí, an tráth sin, i gcóiríocht éigeandála ar feadh 6 mhí i ndiaidh a chéile, sin nó 6 mhí san iomlán laistigh den 12 mhí roimhe sin<br>❍ Líon na dteaghlach a fhágann cóiríocht éigeandála agus a théann isteach i dtionóntacht ar bhonn ráithiúil |

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| An Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta a riar. | Plean Feidhmithe Náisiúnta do Thús Aite do Thithíocht 2018-2021 |
| Soláthar tithíochta/tithe folmha a bhainistiú agus a chothabháil | ❍ Céatadán thithe an údaráis áitiúil nach bhfuil duine iontu<br>❍ Líon na dTithe Folmha<br>❍ Meántréimhse agus meánchostais chun teach a athligean<br>❍ Caiteachas agus costais chothabhála le haghaidh soláthar tithíochta ar leis an gComhairle é |
| An Clár Cóiríochta do Thaistealaithe 2019-2024 a Chur i bhFeidhm | An Plean Cóiríochta do Thaistealaithe 2019-2024 a Chur i bhFeidhm |
| Éascaíocht a dhéanamh ar rochtain ar chóiríocht phríobháideach ar cíos ar dhea-chaighdeán trí chlár bliantúil iniúchtaí | Céatadán na dtionóntachtaí príobháideacha ar cíos atá comhlíontach/ neamhchomhlíontach a ndéantar iniúchadh air |
| Réitigh tithíochta atá leordhóthanach agus cuí a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas | ❍ Spriocanna náisiúnta maidir le tithíocht oiriúnach a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas a bhaint amach<br>❍ Líon na ndeontas a íoctar |
| Tacú le tithíocht inacmhainne ar ardchaighdeán ag a bhfuil tionachtaí measctha a sholáthar | Pleananna Bainistíochta Talún a forbraíodh |



## Leabharlanna

Tá an tSeirbhís Leabharlanna freagrach as 10 Leabharlann Brainse, 4 Veain Leabharlainne Taistil, Cartlanna & Staidéar Áitiúil agus seirbhís do dhaoine gafa sa teach.

### Príomhsheirbhísí & Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos an fhoráil bhuiséid ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall léi i mBuiséad 2021 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:

| Príomhsheirbhís / Seirbhís Bhuiséid | Cuir Síos ar Sheirbhís | Iomlán |
|---|---|---|
| F02 | Oibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne | €10,110,700 |
| Iomlán | | €10,110,700 |

### Cuspóirí maidir le Príomhsheirbhísí

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2021:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| An Plean Forbartha Leabharlann 2018-2023 a Chur i bhFeidhm | Gníomhartha sa Phlean Forbartha Leabharlann a chur i bhfeidhm le linn na tréimhse 5 bliana. |
| Spásanna ardchaighdeáin, fáilteacha agus inrochtana a chur ar fáil a shásaíonn riachtanais na n-úsáideoirí leabharlainne | Bonneagar leabharlainne a fhorbairt agus a fheabhsú, lena n-áirítear Leabharlann na Sceirí a athchóiriú agus a mhéadú agus pleanáil a dhéanamh le haghaidh Leabharlann Contae nua in Ionad Sibhialta agus Cultúrtha Shoird.<br>Tomhais an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI):<br>❍ Meánuaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine.<br>❍ Líon na gcuairteanna ar leabharlanna in aghaidh duine den daonra.<br>❍ Líon na n-eisiúintí in aghaidh duine den daonra<br>❍ Ballraíocht ghníomhach in aghaidh duine den daonra. |

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| A chinntiú go mbíonn oiliúint mhaith agus eolas ar an bhfoireann sna leabharlanna agus go ndíríonn an fhoireann ar chustaiméirí | Cloí leis an bplean fórsa saothair a comhaontaíodh, agus deiseanna oideachais agus oiliúna agus forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil d'fhoireann leabharlainne ar gach leibhéal. |
| Riachtanais athraithe na n-úsáideoirí leabharlainne a aithint agus a chomhlíonadh i gcomhréir lenár mBeartas Forbartha Bailiúcháin | An stoc leabharlainne a bhainistiú agus a fhorbairt ar bhealach éifeachtach ach úsáid a bhaint as Collection HQ, ar córas leictreonach bainistíochta stoic atá bunaithe ar fhianaise é |
| Stádas na leabharlann sa phobal mar phríomhphointí rochtana ar theicneolaíocht faisnéise agus seirbhísí digiteacha a atreisiú | Spásanna foghlama digití agus spásanna cruinnithe i leabharlanna a fhorbairt. |
| Spreagadh a thabhairt don phobal chun go mbainfidh sé barr a chumais amach agus teagmháil a dhéanamh le gach duine sa phobal trí chlár nuálach imeachtaí agus gníomhaíochta i leabharlanna | Clár ardchaighdeáin d'imeachtaí cultúrtha, oideachais, áineasa agus faisnéise a sholáthar ar fud an líonra leabharlainne, clár a léiríonn riachtanais éagsúla agus sonracha na bpobal, na ngrúpaí agus na ndaoine aonair |
| Leabharlanna i bhFine Gall a chur chun cinn mar spásanna daonlathacha, cuimsitheacha agus dinimiciúla atá oscailte do gach duine a chónaíonn agus a oibríonn sa Chontae | Teagmháil rathúil ag foireann leabharlainne le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear ionadaithe tofa, eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta, grúpaí pobail, gnólachtaí, scoileanna agus coláistí. |
| A chinntiú go mbíonn Leabharlanna Fhine Gall fós le feiceáil sa phobal agus ábhartha don phobal trí chomhoibriú agus comhpháirtíochtaí | Líonrú a mbeidh tionscnaimh leabharlainne nua agus lucht sprice nua ann dá bharr. |



## Oibríochtaí

Tá an Rannóg Oibríochta freagrach as cothabháil ghinearálta agus feabhsúchán a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- Cothabháil ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla
- Páirceanna réigiúnacha
- Clóis súgartha
- Áiseanna spóirt
- Spásanna poiblí oscailte
- Cuanta
- Tránna
- Ionaid adhlactha
- Bainistíocht Flít
- Soilsiú Poiblí

Chomh maith leis sin, tugann sí faoi chothabháil crann, glanadh sráideanna agus bailiú bruscair i ngach limistéar poiblí i bhFine Gall, an dá Áis Athchúrsála a oibriú san áireamh.

Soláthraíonn an Rannóg Oibríochta cur i bhfeidhm na mbeart bainistíochta tráchta. Tá sí freagrach chomh maith as fodhlíthe nua a dhéanamh, ceadúnais oscailte bóthair agus orduithe sealadacha dúnta bóthair a bhainistiú agus seirbhísí páirceála carranna a oibriú.

Soláthróidh an Rannóg Oibríochta na seirbhísí thuasluaite tríd an gClár Oibreacha 2021, cláir éagsúla oibre pleanáilte agus oibre freagartha, a chur i bhfeidhm. Anuas air sin, déileálfaidh sí le dúshláin laethúla oibríochta a chlúdaíonn réimse éagsúil na bhfeidhmeanna a dtugann an Rannóg seo faoi.

### Príomhsheirbhísí & Acmhainní Airgeadais

Leagtar amach sa tábla thíos an fhoráil bhuiséid ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall léi i mBuiséad 2021 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:

| Príomhsheirbhís / Seirbhís Bhuiséid | Cuir Síos ar Sheirbhís | Iomlán |
|---|---|---|
| B03 | Bóthar Réigiúnach – Cothabháil agus Feabhsúchán | 8,406,700 |
| B04 | Bóthar Áitiúil – Cothabháil agus Feabhsúchán | 8,391,500 |
| B05 | Soilsiú Poiblí | 5,065,100 |
| B06 | Feabhsúchán Bainistíochta Tráchta | 2,926,600 |

| Príomhsheirbhís / Seirbhís Bhuiséid | Cuir Síos ar Sheirbhís | Iomlán |
|---|---|---|
| B09 | Páirceáil Carranna | 812,700 |
| D06 | An Fheidhm Phobail agus Fiontraíochta | 1,760,700 |
| E02 | Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála & Athchúrsála | 2,850,500 |
| E06 | Glantachán Sráide | 6,758,000 |
| E09 | Cothabháil Ionad Adhlactha | 2,162,200 |
| F01 | Oibríochtaí Saoráidí Fóillíochta | 734,700 |
| F03 | Oibríochtaí Limistéar Áineasa Allamuigh | 19,548,600 |
| G02 | Oibriú agus Cothabháil Céanna agus Calafort | 503,900 |
| B11 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus In-Fhorchúitithe | 524,500 |
| D10 | Bainistiú Réadmhaoine | 1,330,700 |
| E10 | Sábháilteacht Struchtúr agus Áiteanna | 1,175,900 |
| H06 | Droichid Mheáite | 20,400 |
| Iomlán | | 62,965,700 |

## Principal Service Objectives

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2021:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a Bhainistiú agus a Chothabháil, Bainistíocht Tráchta, Sábháilteacht ar ar Bhóithre | Clár oibreacha bóithre glactha agus tráchta a sholáthar agus clár oibreacha a bhaineann leis na nithe seo a leanas a sholáthar:<br>❍ Rátáil níos fearr in Innéacs Dhálaí na Dromchlaí Pábhála.<br>❍ Tuile<br>❍ Sábháilteacht ar Bhóithre<br>❍ Soilsiú sráide a bhainistiú agus a chothabháil<br>❍ Seirbhísí páirceála carranna |



| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| Bainistíocht & Cothabháil Páirceanna Réigiúnacha, Spásanna Oscailte, Páirceanna Imeartha agus Áiseanna Fóillíochta | ❍ An clár oibreacha speisialta a glacadh a sholáthar<br>❍ Páirceanna réigiúnacha agus spás oscailte a bhainistiú i gcomhréir leis an Straitéis Spáis Oscailte d'Fhine Gall.<br>❍ Crainn ar shráideanna a bhainistiú i gcomhréir leis an Straitéis Crann. |
| Bainistíocht agus cothabháil a dhéanamh ar Chuanta, Bainistíocht Bruscair, Ionaid Adhlactha a Sholáthar, Leithris Phoiblí | ❍ Úsáid shábháilte na gcuanta a chinntiú agus cothabháil na struchtúr cuain a chinntiú<br>❍ Ionaid adhlactha reatha agus nua a bhainistiú agus a fhorbairt |
| Tacú le mórimeachtaí tráchtála agus pobail a sholáthar, mar is cuí | Na tacaíochtaí riachtanacha a sholáthar le linn na bpróiseas ceadúnaithe agus reachtúil eile le haghaidh mórimeachtaí tráchtála agus pobail i bhFine Gall. |

## Pleanáil agus Bonneagar Straitéiseach

Pleanálann an Rannóg Pleanála agus Bonneagair Straitéisigh agus tacaíonn sí le forbairt inbhuanaithe sa Chontae trí Phlean Forbartha Fhine Gall agus tríd an bpróiseas bainistíochta forbartha. Pleanálann agus soláthraíonn an Rannóg bonneagar straitéiseach chomh maith.

Déanann an Rannóg bainistíocht ar an bhfeidhm iarratais pleanála, an fheidhm forfheidhmithe pleanála agus an fheidhm rialaithe foirgníochta sa Chomhairle. Forbraíonn sí na páirceanna agus an bonneagar glas sa Chontae agus déanann sé dul chun cinn maidir leis na feidhmeanna pleanála iompair agus seirbhísí uisce chun an bonneagar straitéiseach a sholáthar. Déanann sí teagmháil le heagraíochtaí réigiúnacha agus náisiúnta ar bhonn leanúnach chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an soláthar sin. Tá sí freagrach as na pleananna a ullmhú chun forbairt an Chontae a chumasú sa mheántéarma go dtí an fadtéarma.

Áirítear leis sin Plean Forbartha Fhine Gall, Pleananna Ceantair Áitiúil, Máistirphleananna, tograí straitéiseacha maidir le bóithre agus spásanna oscailte réigiúnacha. Tugann sí faoi chigireachtaí foirgníochta i dtaca le forbairtí nua agus suíomhanna tréigthe. Tá cuspóirí aici a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar rioscaí tuile straitéiseacha agus oidhreacht thógtha an chontae a chosaint. Chomh maith leis sin, déanann sí sonraí a chur le chéile i dtaca le forbairtí sa Chontae chun eolas a dhéanamh do bheartais agus cinnteoireacht ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

### Príomhsheirbhísí & Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos an fhoráil bhuiséid ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall léi i mBuiséad 2021 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:

| Príomhsheirbhís / Seirbhís Bhuiséid | Cuir Síos ar Sheirbhís | Iomlán |
|---|---|---|
| D01 | Pleanáil ar Aghaidh | 1,319,800 |
| D02 | Bainistíocht Forbartha | 4,581,300 |
| D03 | Forfheidhmiú | 418,100 |
| D08 | Rialú Foirgníochta | 1,122,800 |
| D11 | Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhnaithe | 439,400 |
| E10 | Sábháilteacht Struchtúr agus Áiteanna | 160,100 |
| Iomlán | | 8,041,500 |



### Cuspóirí maidir le Príomhsheirbhísí

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2021:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| Bonneagar straitéiseach (fisiciúil & glas) a sholáthar sa Chontae | ❍ An Clár Caipitil um Phleanáil agus Bonneagar Straitéiseach a Chur i bhFeidhm<br>❍ Leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le Tionscadail Bonneagair Páirceanna<br>❍ Áiseanna Páirceanna Áineasa, glasbhealaigh agus bonneagar bóthair srl |
| Rialacháin Tógála agus Rialacháin maidir le Táirgí Tógála a Chur Chun Cinn agus a Fhorfheidhmiú | ❍ Tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do thionscal na tógála maidir le cultúr comhlíonta a chur chun cinn agus feabhas a chur ar ghníomhú ar son na haeráide sa Chontae.<br>❍ An córas bainistíochta rialaithe foirgníochta a bhainistiú, Iniúchtaí spriocdhírithe, Forfheidhmiú |
| A chinntiú go nglactar le bearta cuí i gcás forbairtí nár údaraíodh | Gníomhaíocht leanúnach maidir le forfheidhmiú pleanála, is é sin líon na litreacha rabhaidh agus na bhfógraí forfheidhmithe a eisítear, agus líon na gcásanna a chuirtear ar aghaidh chuig an gCúirt.i.e. |
| A chinntiú go mbíonn cinntí pleanála trédhearcach agus go nglactar cinntí i gcomhréir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe | Gach cinneadh pleanála déanta i gcomhréir le riachtanais reachtúla. |
| An Próiseas Reachtúil maidir le Glacadh ar Láimh a Bhainistiú | ❍ Próiseas maidir le glacadh ar láimh a bhainistiú agus caighdeáin do limistéir atá le glacadh ar láimh a chomhlíonadh.<br>❍ An beartas nua maidir le glacadh ar láimh a ghlacadh |
| Plean Forbartha Contae a ullmhú/a athbhreithniú – an straitéis agus na cuspóirí d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae a leagadh amach | ❍ Tús a chur leis an bpróiseas do Phlean Forbartha Contae 2023-2029<br>❍ Pleananna Ceantair Áitiúil, Máistirphleananna agus Staidéir atá comhaontaithe a chur i gcrích chun tithíocht a sholáthar<br>❍ Cur le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta an Chontae. |

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| Córas iompair inbhuanaithe a sholáthar ar mhaithe le gach saoránach | ❍ Cur le beartais iompair inbhuanaithe a fhorbairt.<br>❍ Dul chun cinn leanúnach a dhéanamh maidir le tionscadail Cuid 8 agus clár caipitil CCFG.<br>❍ Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile. Éascaíocht a dhéanamh ar sholáthar MetroLink, BusConnects agus Síneadh an DART.<br>❍ Forbairt inbhuanaithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. |
| Bithéagsúlacht a Chur Chun Cinn agus a Chosaint | ❍ Gníomhartha sna doiciméid seo a leanas a chur i bhfeidhm: Plean Gníomhaíochta um Bhithéagsúlacht Fhine Gall, Plean Uile-Éireann um Phailneoirí, “Keeping It Green – Straitéis Spáis Oscailte d’Fhine Gall”, “Foraois Fhine Gall – straitéis crann d’Fhine Gall”.<br>❍ An Clár Oibreacha um Bhithsféar Bhá Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm |
| Tacú le hAtógáil Éireann | Clár a fhorbairt a thacaíonn le níos mó tithe a bheith ar fáil. Tionscadail an Chiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú a sholáthar (bonneagar criticiúil a sholáthar chun tacú le soláthar tithíochta). |
| Beartas Bainistíochta Cósta a Fhorbairt | Oibriú leis an nGrúpa Idirchaidrimh Cósta chun aghaidh a thabhairt ar bhainistíocht cósta i bhFine Gall, creimeadh cósta agus tuile cósta san áireamh. |
| Oidhreacht thógtha agus chultúir a chur chun cinn agus a chosaint sa Chontae | ❍ Gníomhartha i bPlean Oidhreachta Fhine Gall 2018 - 2023 a chur i bhfeidhm<br>❍ Gníomhartha i Straitéis Seandálaíochta Pobail Fhine Gall 2019-2023 a chur i gcrích agus a chur i bhfeidhm.<br>❍ Oibriú thar rannóga chun cur chun cinn comhtháite na hoidhreachta a fhorbairt.<br>❍ Leanúint ar aghaidh ag tacú le hoidhreacht mar áis d’Fhine Gall. |



## Seirbhísí Uisce

Leanfaidh Seirbhísí Uisce den Chomhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann a chur i bhfeidhm agus a bheidh ann go dtí 2025. Mar ghníomhairí d’Uisce Éireann, is é cuspóir na Rannóige cosaint a thabhairt do sholáthar agus dáileadh an uisce ólacháin is fearr is féidir, chomh maith le cóireáil agus diúscairt fuíolluisce a bhainistiú.

Chomh maith leis sin, cuirfidh an Chomhairle chun cinn forbairt an bhonneagair seirbhísí uisce atá de dhíth chun riachtanais an Chontae a shásamh agus leanfaidh sí dár leithris phoiblí ar fud an Chontae agus inár bpáirceanna réigiúnacha, agus líonraí uisce dromchla an Chontae, a oibriú agus a chothabháil ar na caighdeáin is airde.

### Príomhsheirbhísí & Acmhainní Airgeadais

Leagtar amach sa tábla thíos an fhoráil bhuiséid ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall léi i mBuiséad 2021 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:

| Príomhsheirbhís / Seirbhís Bhuiséid | Cuir Síos ar Sheirbhís | Iomlán |
|---|---|---|
| C01 | Soláthar Uisce | 10,775,600 |
| C02 | Cóireáil Dramhuisce | 5,998,200 |
| C04 | Leithris Phoiblí | 307,600 |
| C05 | Deontais do Shuiteálacha Aonair | 15,300 |
| C06 | Tacaíocht do Chlár Caipitil Uisce | 719,000 |
| C08 | Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta Údaráis Áitiúil | 1,108,000 |
| Iomlán | | 18,923,700 |

### Cuspóirí maidir le Príomhsheirbhísí

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2021:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| Cothabháil ar an Líonra Uisce Dromchla | Oibriúchán agus cothabháil éifeachtach na líonraí uisce dromchla sa Chontae i gcomhar le chéile. |
| Cothabháil a Dhéanamh ar Leithris Phoiblí | Leanúint de chothabháil a dhéanamh ar ár leithris phoiblí atá ann. Plean straitéiseach do leithris atá inrochtana agus sábháilte a fhorbairt agus riachtanais athraithe an Chontae a chomhlíonadh. |
| Seirbhísí Uisce/Comhaontú Seirbhíse/ soláthraí seirbhíse feidhmchlár a chur ar fáil | Déantar seirbhísí uisce a sholáthar i gcomhréir leis an gComhaontú Seirbhíse 12 bhliain, le prótacail chomhaontaithe agus le Plean Seirbhíse Bliantúil idir an Chomhairle agus Uisce Éireann. Scéimeanna Uisce Ólacháin Phoiblí: Uisce Éireann trí na taifid ASP in KPI Uimh. 12a. (tomhas míosúil/bliantúil). Foinse: tuarascálacha míosúla ó Shaotharlann Lárnach CCBÁC |
| Oibreacha Caipitiúla a Sholáthar | Déanann foireann Soláthair Sócmhainne de chuid Uisce Éireann oibreacha/tionscadail chaipitiúla i bhFine Gall a bhainistiú agus a sholáthar go díreach. |



# Seirbhísí Tacaíochta

## Ailtirí

Tá Rannóg na nAiltirí freagrach as seirbhísí ailtireachta a chur ar fáil don Chomhairle. Áirítear leis sin dearadh ailtireachta, caomhnú, dearadh uirbeach, soláthar foirgníochta, bainistíocht tionscadail, suirbhéireacht chainníochta agus seirbhísí bainistíochta costais. Anuas air sin, cuireann an Rannóg caighdeáin ailtireachta chun cinn agus tugann sí comhairle maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an timpeallacht thógtha.

### Cuspóirí maidir le Príomhsheirbhísí

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2021:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| Seirbhís Ailtireachta phroifisiúnta ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun riachtanais na rannóg cliant agus na dTionscnamh Comhairle a chomhlíonadh. | Clár bliantúil oibre a chomhaontú le Rannóga cliant |
| Tacaíocht a thabhairt maidir le saincheisteanna cosanta oidhreachta tógtha, lena n-áirítear bainistiú a dhéanamh ar an Oifig Caomhnaithe Ailtireachta agus na tacaíochtaí deontas agus Tionscnaimh Comhairle a mheasúnú agus a riar. | Oidhreacht thógtha na Comhairle a chosaint |
| Teagmháil a dhéanamh le rannóga ábhartha Rialtais maidir le ceaduithe buiséid, chomh maith le scéimeanna agus beartas deontas maidir leis an timpeallacht thógtha mar a bhaineann sé leis an gComhairle a riar | Leas Fhine Gall a chosaint trí na scéimeanna deontas a oibriú ar bhealach éifeachtach agus trí ionchur a dhéanamh i gcúrsaí beartais agus ciall a bhaint as cúrsaí beartais |
| A chinntiú go gcomhlíonann tionscadail foirgníochta a choimisiúnaíonn an Chomhairle riachtanais reachtúla maidir le Pleanáil, Sláinte agus Sábháilteacht, Rialú Foirgníochta agus cosaint Chomhshaoil agus Oidhreachta. | Nósanna imeachta cleachtais a uasdátú i gcomhréir leis an reachtaíocht de réir mar a athraíonn sí agus tionscadail a thaifeadadh go cruinn |
| Seirbhísí éifeachtacha cothabhála pleanáilte agus cothabhála tréimhsiúla a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm le haghaidh an tsoláthair tithe atá ann i bhFine Gall, agus bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar thithe athchóirithe agus tithe nuacheannaithe a ligean ar cíos arís, agus plean gníomhaíochta um an athrú aeráide na Comhairle a chur i bhfeidhm san áireamh. | ❍ Péinteáil, cothabháil siúinéireachta agus clár eile cothabhála pleanáilte a chur i gcrích<br>❍ Seirbhísí cothabhála freagartha a chur i gcrích<br>❍ Suiteálacha agus cothabháil mheicniúil agus leictreach a chur i gcrích<br>❍ Iniúchadh a dhéanamh ar thithe folmha, próiseas tairisceana ina leith a thosú agus athchóiriú a dhéanamh orthu go pras<br>❍ Tionscnaimh um an Athrú Aeráide a chur i bhfeidhm |



| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| Buiséid tógála a bhainistiú agus éilimh ó chonraitheoirí i leith íocaíochta a phróiseáil ar bhealach éifeachtach agus cóir | ❍ Tionscadail a bhuiséadú ar bhealach cruinn proifisiúnta<br>❍ Praghsanna agus éilimh tairisceana a thaifeadadh go cruinn<br>❍ Íocaíochtaí a thaifeadadh agus a phróiseáil taobh istigh de na tréimhsí ama atá leagtha síos |

## Gnóthaí Corparáideacha agus Rialachas

Cuireann Gnóthaí Corparáideacha seirbhísí ar fáil do Chomhaltaí ionas gur féidir leo a ndualgais a chur i gcrích mar ionadaithe tofa ar mhuintir Fhine Gall. Déanfar gach clár oibre agus miontuairiscí na Comhairle a ullmhú agus a scaipeadh, speansais Comhaltaí a íoc, Clár na dToghthóirí a ullmhú agus déileáil le gearáin ó chustaiméirí le linn 2021.

Leanfar ar aghaidh le feabhas a chur ar sheirbhísí don phobal trí Aonad Cúraim do Chustaiméirí na Comhairle le linn 2021, agus déanfaidh an Rannóg Cumarsáide forbairt bhreise ar a ról ó thaobh cumarsáid sheachtrach agus inmheánach de. Leanfar ar aghaidh gníomhaíochtaí an Aonaid Bainistíochta Móréigeandála a chomhordú le linn 2021 freisin.

Leanfaidh Bainistíocht Saoráidí ar aghaidh oifigí agus leabharlanna na Comhairle a fheabhsú, agus cothabháil a dhéanamh orthu. Cuireann an tAonad Rialachais Chorparáidigh ar aghaidh tacaíocht a thabhairt don Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin agus Rannóga Comhairle eile. Clúdaíonn an tAonad Saoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí agus Iniúchadh Inmheánach, agus tacaíonn sé le hobair na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin chun cuspóirí Rialachais Chorparáidigh a bhaint amach.

### Cuspóirí maidir le Príomhsheirbhísí

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2021:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| A chinntiú go gcuirtear próisis dhaonlathacha laistigh den Chomhairle i gcrích go héifeachtach agus go bhfuil na próisis sin trédhearcach. | Líon na gcruinnithe Comhairle agus Coiste a ndéantar seirbhísiú air agus riachtanais reachtúla a chomhlíonadh |
| A chinntiú go soláthraítear seirbhís mhaith do chustaiméirí ar fud na heagraíochta tríd an Aonad Cúraim do Chustaiméirí | Déileáil le gach teagmháil ó chustaiméirí ar an gcaighdeán riachtanach agus cothabháil a dhéanamh ar réadmhaoin na comhairle ar an gcaighdeán riachtanach<br>❍ Líon na n-idirghníomhaireachtaí ag an Aonad Cúraim do Chustaiméirí ar an bhfón, trí ríomhphost agus duine le duine |
| Cloí leis an gCairt Custaiméirí agus seirbhís mhaith do chustaiméirí a chur ar fáil | Líon na ngearán a phróiseáiltear taobh istigh de na tréimhsí ama riachtanacha |
| A chinntiú go mbíonn cumarsáid éifeachtach ann laistigh agus taobh amuigh den Chomhairle agus go gcuirtear gníomhaíochtaí na Comhairle chun cinn ar bhealach éifeachtach | ❍ Straitéis Cumarsáide a Chur i bhFeidhm<br>❍ Líon na gCuairteanna Leathanaigh ar Shuíomh Gréasáin agus ar chuntais meán sóisialta na Comhairle |



| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn trí Scéim na Gaeilge a chur i bhfeidhm | Plean Feidhmithe Scéim na Gaeilge a chur i gcrích agus feabhas a chur ar inrochtana na seirbhísí trí mheán na Gaeilge. |
| A chinntiú go gcuirtear feabhas ar gach Foirgneamh Corparáideach, go ndéantar cothabháil orthu agus go gcosnaítear iad ag an gcaighdeán is airde is féidir | Tabhairt faoi gach uasghrádú agus riachtanas cothabhála taobh istigh den tréimhse ama, buiséad agus riachtanais Sláinte agus Sábháilteachta a comhaontaíodh. |
| Deachleachtas maidir le rialachas corparáideach a chur chun cinn | Tacaíocht iomlán don Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin |
| A chinntiú go gcosnaítear sonraí agus faisnéis atá i seilbh na Comhairle agus gur féidir rochtain a fháil orthu | Líon na n-iarratas a phróiseáiltear taobh istigh de na tréimhsí ama riachtanacha. |
| Rialachas maith a chur chun cinn trí fheidhmeanna éifeachtacha iniúchta inmheánaigh agus dearbhú a sholáthar don Chomhairle, don Bhainistíocht agus don Choiste Iniúchta tríd an bPlean Bliantúil Iniúchta Inmheánaigh a sholáthar | ❍ Líon na dtuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh a chuirtear i gcrích<br>❍ Líon na gcruinnithe don Choiste Iniúchta a chuirtear ar siúl<br>❍ Líon na gcruinnithe rialachais le rannóga |
| Bainistíocht Móréigeandála a chur ar fáil | ❍ Líon na gcruinnithe le grúpaí oibre/ foghrúpaí réigiúnacha<br>❍ Líon na n-imeachtaí oiliúna a reáchtáiltear |

## Airgeadas

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as maoiniú gearrthéarma agus fadtéarma a chur ar fáil d’oibríochtaí na Comhairle, den chineál Ioncaim Reatha agus Caipitil araon. Is é atá i gceist leis sin monatóireacht a dhéanamh ar ioncam agus caiteachas i ngach réimse agus iad a rialú, riachtanais iasachtaíochta agus léasaithe a shocrú agus maoiniú a infheistiú. Déanann sí cinnte freisin go gcloítear le prionsabail reachtúla agus cuntasaíochta airgeadais a bhaineann leis an airgead ar fad a íocann an Chomhairle nó a íoctar leis an gComhairle.

Tá Rannán Árachais na Rannóige freagrach as bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar éilimh dhliteanais agus beartais árachais, agus tá sé mar aidhm aici an riosca go mbeidh caillteanais airgeadais ann mar gheall ar chaillteanais inárachaithe agus éilimh dhliteanais a íoslaghdú.
Tá an Rannóg roinnte ina limistéir ar leith, is iad sin:

1. Bailiú Ioncaim (Rátaí/PEL/NPPR)
2. Caiteachas (Cuntais Iníoctha/Párolla)
3. Bainistíocht agus Rialú Airgeadais, Bainistíocht Chaipitil / Sócmhainní / tacaíocht Agresso MS4
4. Árachas

### Cuspóirí maidir le Príomhsheirbhísí

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2021:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| Bainistiú Fiachais Gníomhach (Rátaí/PEL/NPPR) | Ar siúl / % bailithe |
| Bainistiú ar Chuntais Iníoctha, Párolla agus Eis-sreafaí Airgid Bhainistíocht an Chisteáin | A chinntiú go mbíonn gach eisíocaíocht bailí. |
| Bainistiú Éifeachtach ar Éilimh Dliteanais agus Beartais Árachais | Athbhreithniú a dhéanamh ar éilimh agus sceidil réadmhaoine gach bliain |
| A chinntiú go ndéantar athbhreithniú agus monatóireacht a Bhuiséid | Athbhreithnithe Ráithiúla Buiséid/Buiséad a bheith ar sprioc ag deireadh na bliana |
| Clár Caipitil 3 Bliana a Chur le Chéile | Chuig Comhaltaí roimh 31 Nollaig ag deireadh na bliana |
| Buiséad Bliantúil a Chur le Chéile | Roimh Dháta Reachtúil |
| Ráiteas Bliantúil Airgeadais a Chur le Chéile | An Ráiteas Bliantúil Airgeadais a Fhoilsiú roimh 1 Iúil |
| Deachleachtas agus luach ar airgead a bhaint amach maidir le soláthar | Cloíonn an Chomhairle le riachtanais Soláthair Phoiblí |



## Acmhainní Daonna

I measc phríomhghníomhaíochtaí na Rannóige Acmhainní Daonna, tá earcaíocht, oiliúint agus forbairt foirne, leas foirne, caidreamh tionsclaíoch, sláinte agus sábháilteacht, agus aoisliúntas.

Le linn 2021, leanfaidh an Rannóg d’oiliúint agus forbairt foirne, freastal maith agus timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a chur chun cinn. Úsáidfear feachtais earcaíochta spriocdhírithe chun na poist riachtanacha a líonadh.

### Cuspóirí maidir le Príomhsheirbhísí

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2021:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| Cultúr éifeachtach ó thaobh bainistíochta feidhmíochta agus forbartha de a chothú agus a leabú san eagraíocht | An córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta a chur i bhfeidhm mar ghnáthphróiseas gnó atá faoi stiúir creatlacha inniúlachtaí |
| Cláir a chur i bhfeidhm a chuireann folláine, comhionannas agus éagsúlacht chun cinn san ionad oibre | Clár Folláine Foirne, Comhionannais agus Éagsúlachta ar siúl go fóill |
| Barr feabhais a chur ar inrochtana agus scileanna acmhainní daonna na Comhairle | ❍ Earcaíocht foirne<br>❍ Clár Oiliúna agus Forbartha<br>❍ Bainistíocht réamhghníomhach ar fhreastal ar obair |
| Timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a chur chun cinn | ❍ Laghdú ar líon na dTimpistí Tromchúiseacha san Ionad Oibre.<br>❍ 400 iniúchadh sábháilteachta in aghaidh na bliana ar a laghad |

## Teicneolaíocht Faisnéise

Tá Rannóg na Teicneolaíochta Faisnéise (TF) freagrach as úsáid straitéiseach na dteicneolaíochtaí faisnéise sa Chomhairle chun tacú le limistéir ghnó a gcuspóirí a chur i gcrích trí úsáid a bhaint as bearta éifeachtúlachta agus éifeachtúlacht níos fearr. Soláthar seirbhísí do shaoránaigh, baill foirne agus comhaltaí tofa a chumasú trí úsáid a bhaint as cainéil éagsúla cosúil le deasca fáiltithe, gléasanna móibíleacha, an tIdirlíon agus teicneolaíochtaí cosúil le seirbhísí GIS agus gréasáin a úsáid. Cumasaíonn na teicneolaíochtaí digiteacha sin athrú ó bhonn ar sholáthar na seirbhísí de chuid na Comhairle.

### Cuspóirí maidir le Príomhsheirbhísí

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2021:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| Réitigh nuálacha a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as an nGréasán, GIS, Bainistíocht Caidreamh Custaiméirí, Anailísíocht Sonraí, BPI, Sonraí Oscailte agus Bainistíocht Eolais | Cuireann na réitigh nuálacha luach chorparáideach, luach do shaoránaigh agus luach do Chomhaltaí Tofa ar fáil |
| Deachleachtas i rialachas TF a chur i bhfeidhm | Baintear amach deachleachtas i soláthar TF, cosaint sonraí agus rialachas TF |
| An bonneagar riachtanach le haghaidh córais agus seirbhísí TF a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú | An bonneagar riachtanach le haghaidh córais agus seirbhísí TF a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú |
| Seirbhís tacaíochta éifeachtach a chur ar fáil dár mBaill Foirne agus Comhairleoirí agus daoine den phobal | Seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do thart ar 1500 Ball Foirne, 40 Comhairleoir, ionadaithe poiblí eile agus daoine den phobal |
| Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do phobail agus gnólachtaí chun na tairbhí iomlána a bhaint as sochaí atá cumasaithe go digiteach | Tacóidh spriocanna na Straitéise Digití le claochlú digiteach Fhine Gall agus feabhsóidh siad an bealach a n-oibrímid agus a ndéanaimid gnó i bhFine Gall |
| Córais dhaingne TF a anailísiú, a dhearadh agus a úsáid chun tacú le próisis ghnó | Iarrataí a anailísiú agus córais TF faofa a sholáthar go héifeachtach |
| Úsáid a bhaint as Ailtireacht Fiontair chun a chinntiú go mbaineann Straitéis Chorparáideach na Comhairle úsáid as ailtireacht córas teicneolaíochta cheart chun a haidhmeanna a bhaint amach | Creat Ailtireachta Fiontair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, creat a chuirfidh comhthéacs straitéiseach ar fáil le haghaidh forbairt TF na Comhairle |



| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| An méid a mbeifear ag súil leis i saol atá níos digitithe a shásamh agus feabhas a chur ar eispéireas na ndaoine sin a dhéanann teagmháil leis an gComhairle | Ionad Oibre Digiteach a sholáthar a chuirfidh feabhas ar rannpháirtíocht ghníomhach na foirne agus a chuirfidh ar ár gcumas feabhas leanúnach a chur ar an mbealach a n-oibrímid |
| Bainistiú rathúil a dhéanamh ar Chlár TF na Comhairle agus Saolré Tionscadal agus Acmhainní lena mbaineann | Próiseas rialachais portfóilió agus próisis modheolaíochta tionscadal a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a bheidh mar struchtúr chun tionscadail TF a bhainistiú agus a chur in ord tosaíochta |
| Fís, straitéis agus clár fiontair a bhunú agus a choimeád chun a chinntiú go gcosnaítear sócmhainní agus teicneolaíochtaí eolais a dhóthain | Information assets and technologies are Sócmhainní agus teicneolaíochtaí eolais a chosaint a dhóthain |

## Rannóg Dlí

Cuireann an Rannóg dlí seirbhís inmheánach dlí ar fáil don Phríomhfheidhmeannach agus gach Rannóg na Comhairle i dtaca le feidhmeanna reachtúla na Comhairle.

Is iad na príomhsheirbhísí ná:

- tíolacadh agus bainistiú réadmhaoine
- dlíthíocht
- forfheidhmiú cód
- aisghabháil fiachais
- comhairle dlí.

Tá oiliúint leanúnach á cur ar fáil do bhaill foirne maidir le forbairt ghairmiúil, eolas dlíthiúil agus teicneolaíocht faisnéise.

### Cuspóirí maidir le Príomhsheirbhísí

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2021:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| Seirbhísí dlí a chur ar fáil don Phríomhfheidhmeannach agus gach Rannóg na Comhairle | Comhairle agus seirbhísí dlí ar ardchaighdeán a chur ar fáil |



# Údarás Inniúil

Ainmníodh Comhairle Contae Fhine Gall mar an tÚdarás Inniúil chun críocha torann aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a rialú.

# Údarás Inniúil um Thorann Aerárthaí

Tá an tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí freagrach as a chinntiú go ndéantar an torann a ghineann gníomhaíocht aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a mheasúnú i gcomhréir le reachtaíocht an AE agus na hÉireann. Déantar foráil leis an reachtaíocht sin go gcuirtear Cur Chuige Cothrom i bhfeidhm i leith bainistíocht ar thorann aerárthaí má aithnítear fadhb ó thaobh torainn de ag an Aerfort.

Déanfaidh an tÚdarás Inniúil taighde agus ullmhúchán chun deachleachtas idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm mar chuid dá fheidhmeanna reachtúla rialála agus maoirseachta, chun forbairt inbhuanaithe aeriompair a chur chun cinn agus feabhas a dhéanamh ar an timpeallacht torainn thart ar an Aerfort.

### Príomhsheirbhísí & Acmhainní Airgeadais –

Tá gach costas a thabhaíonn an tÚdarás Inniúil go hiomlán inghnóthaithe ó Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath. Leagtar amach sa tábla thíos an fhoráil bhuiséid ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall léi i mBuiséad 2021 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:

| Príomhsheirbhís / Seirbhís Bhuiséid | Cuir Síos ar Sheirbhís | Iomlán |
|---|---|---|
| E13 | Cáilíocht an Uisce, an Aeir agus Truailliú de dheasca Torainn | 2,541,500 |
| Iomlán | | 2,541,500 |

Déanfaidh an tÚdarás Inniúil taighde agus ullmhúchán chun deachleachtas idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm mar chuid dá fheidhmeanna reachtúla rialála agus maoirseachta, chun forbairt inbhuanaithe aeriompair a chur chun cinn agus feabhas a dhéanamh ar an timpeallacht torainn thart ar an Aerfort.



### Cuspóirí maidir le Príomhsheirbhísí

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2021:

| Cuspóir Soláthair Seirbhíse | Tomhas Feidhmíochta |
|---|---|
| A chinntiú go ndéanfar an torann a ghineann gníomhaíocht aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a mheasúnú agus go ndéanfar socruithe chun go gcuirfear an cur chuige cothrom de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i bhfeidhm áit a n-aithnítear fadhb torainn | Tabhairt faoi mheasúnú/measúnuithe torainn agus monatóireacht torainn |
| A chinntiú go ndéantar measúnú ar impleachtaí na n-iarratas pleanála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ó thaobh torann aerárthaí de | A chinntiú go ndéantar measúnuithe torainn ar bhealach tráthúil (is é sin taobh istigh de riachtanais reachtúla) |
| Monatóireacht a dhéanamh ar bhearta maolaithe torainn agus srianta oibriúcháin | Tuarascáil bhliantúil a fháil agus monatóireacht a dhéanamh uirthi. |

fingal.ie